

Suim agat a bheith i do cheannaire ógra?



Tá Feachtas ag lorg daoine 18+ mbliana d'aois le bheith ina gceannairí i gclub óige nua i mBaile Munna. Is deis iontach é seo d'aon duine a bhfuil suim acu i bheith ag obair le daoine óga trí Ghaeilge, ag freastal ar an bpopal áitiúil nó díreach ag iarraidh rud nua a thriail.

An club

Is club úr nua é seo atá á bhúnú ag Feachtas, óg-eagraíocht a thacaíonn le forbairt phearsanta agus shóisialta an duine óig trí Ghaeilge. Beidh an club á reáchtáil san ionad Axis. Reáchtálfar an club uair sa tseachtain ó Mheán Fómhair go Bealtaine. 1.5 uair in aghaidh na seachtaine a bheidh i gceist.

Na daoine óga

Beidh an club ag freastal ar dhaoine óga le Gaeilge idir Rang 6 sa bhunscoil agus an bliain 2 sa mheánscoil.

Oiliúint agus traenáil

Níl oiliúint ar bith ag teastáil roimh ré. Cuireann Feachtas traenáil agus oiliúint ar fáil saor in aisce do gach ceannaire roimh thosach an chlub agus ar bhonn leanúnach ina dhiaidh sin. Beidh an traenáil ar chúram leanaí, ceannaireacht agus garchabhair.

Cad a dhéanann ceannairí?

Bíonn na ceannairí freagrach as an gclub a reáchtáil. Cuireann siad áit shábháilte shóisialta ar fáil do na daoine óga inar féidir leo scíth a ligean agus spraoi a dhéanamh. Beidh siad i láthair do na seisiúin sheachtainiúla a mhaireann 1.5 uair. Beidh páirt lárnach ag na daoine óga féin i reáchtáil an chlub ach beidh na ceannairí ann mar thacaíocht thábhachtach chun imeachtaí an chlub a éascú.

Cén fáth a bheith páirteach?

Is deis iontach é seo bualadh le daoine nua agus scileanna nua a fhoghlaim. Gheobhaidh tú taithí den scoth ar an obair don aos óg agus beidh tú ag cur le féinmhuinín agus le forbairt phearsanta daoine óga i do cheantar!

Bí linn!

Má tá tuilleadh eolais uait ar Chlub Óige Feachtas, téigh chuig ár suíomh ag www.feachtas.ie